Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 32/22**
Lucsamburg, an 22 Feabhra 2022

Breithiúnas i gCásanna Uamtha C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU Openbaar Ministerie
(Cúirt arna bunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)

# Diúltú do bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú: sonraíonn an Chúirt na critéir faoina bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach measúnú a dhéanamh ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfar sárú ar cheart bunúsach an duine atá á lorg chun triail chóir a fháil

D'eisigh cúirteanna de chuid na Polainne dhá bharántas gabhála Eorpacha [1] i mí Aibreáin 2021 i gcoinne beirt náisiúnach Pholannacha, chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú agus ionchúiseamh coiriúil a dhéanamh, faoi seach. Ós rud é go raibh na daoine lena mbaineann san Ísiltír agus nár thoiligh siad go dtabharfar suas iad, rinneadh iarrataí ar fhorghníomhú na mbarántas sin le Rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche, Amstardam, an Ísiltír).

Chuir an chúirt sin amhras in iúl faoina hoibleagáid maidir le géilleadh do na hiarrataí sin. I dtaca leis sin, tugann sí dá haire, ó 2017 i leith, go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ginearálaithe sa Pholainn a bhfuil tionchar acu ar an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil [2], agus go háirithe ar an gceart chun cúirte arna bunú roimhe sin le dlí, easnaimh a thagann chun cinn, dar léi, mar go gceaptar breithiúna Polannacha ar thogra an Krajowa Rada Sądownictwa (Comhairle Náisiúnta na mBreithiúna, an Pholainn) ("KRS"). De réir an rúin a ghlac an Sąd Najwyższy (Cúirt Uachtarach, an Pholainn) in 2020, níl KRS ina chomhlacht neamhspleách a thuilleadh, ó tháinig an dlí um athchóiriú breithiúnach i bhfeidhm an 17 Eanáir 2018 [3]. A mhéid a d'fhéadfadh sé go raibh breithiúna a ceapadh ar thogra KRS rannpháirteach sna himeachtaí coiriúla inar ciontaíodh duine den bheirt i gceist nó go bhféadfadh sé go nglaofar iad chun cás coiriúil an duine eile lena mbaineann a éisteacht, measann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil fíorbhaol ann go ndéanfar, i gcás na daoine sin a thabhairt suas, sárú ar a gceart chun cúirte arna bunú roimhe sin le dlí.

Sna himthosca sin, fiafraíonn an chúirt sin den Chúirt Bhreithiúnais an bhfuil an scrúdú dhá chéim [4], a chumhdaigh an Chúirt i gcomhthéacs tabhairt suas ar bhonn na mbarántas gabhála Eorpacha, i bhfianaise na ráthaíochtaí neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, infheidhme i gcás inarb é an ráthaíocht, atá ina dlúthchuid den cheart bunúsach sin freisin, a bhaineann le cúirt arna bunú roimhe sin le dlí atá i gceist.

Tugann an Chúirt, ag teacht le chéile mar Mhór-Dhlísheomra agus ag rialú faoin nós imeachta práinne um réamhrialú, freagra dearfach agus sonraíonn sí modhanna chur i bhfeidhm an scrúdaithe seo.

[1] De réir bhrí Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24).
[2] Arna ráthú le hAirteagal 47(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
[3] Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin do bhreithiúnas an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (Córas araíonachta do bhreithiúna) C-791/19,míreanna 108 agus 110 (féach Preaseisiúint Uimh. 130/21).
[4] Mar chuid de chéad chéim an scrúdaithe sin, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach measúnú a dhéanamh ar an bhfíorbhaol a bhaineann le sárú ar chearta bunúsacha i bhfianaise staid ghinearálta an Bhallstáit eisiúna; mar chuid den dara céim, ní mór don údarás sin a fhíorú, ar bhonn nithiúil agus beacht, an bhfuil fíorbhaol ann go sárófar ceart bunúsach an duine atá á lorg, ag cur imthosca an cháis san áireamh. Féach breithiúnais an 25 Iúil 2018, *an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnaimh sa chóras breithiúnach)*, C-216/18 PPU (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 113/18), agus an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)*, C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU (féach Preaseisiúint Uimh. 164/20).

**Breithniú na Cúirte**

Rialaíonn an Chúirt, nuair atá fianaise ag údarás breithiúnach forghníomhaitheach a bhfuil air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas lena dtugtar le fios go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ginearálaithe maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, go háirithe maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí na breithiúnachta a cheapadh, nach bhféadfaidh sé diúltú don tabhairt suas, de bhun Chinneadh Réime 2002/584 [5], ach amháin má chinneann sé go bhfuil, in imthosca sonracha an cháis, forais shubstaintiúla agus cruthaithe lena chreidiúint gur sáraíodh ceart bunúsach an duine lena mbaineann chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bunú roimhe sin le dlí, nó go bhfuil baol ann, má thugtar suas é, go sárófar an ceart sin.

Maidir leis seo, shoiléirigh an Chúirt go gcuimsíonn an ceart chun trialach os comhair cúirt "arna bunú le dlí", de bharr chineál an chirt sin, an próiseas chun breithiúna a cheapadh. Mar sin, i gcomhthéacs na chéad chéime den scrúdú chun measúnú a dhéanamh an bhfuil fíorbhaol ann go sárófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil, go háirithe mar a bhaineann le sárú ar an gceanglas maidir le cúirt arna bunú le dlí, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach measúnú foriomlán a dhéanamh, bunaithe ar aon fhaisnéis oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí maidir le feidhmiú an chórais bhreithiúnaigh sa Bhallstát eisiúna agus, go háirithe, an creat ginearálta chun breithiúna sa Bhallstát céanna a cheapadh. Is nithe den sórt sin iad an fhaisnéis atá sa togra réasúnaithe a sheol an Coimisiún Eorpach chuig an gComhairle ar bhonn Airteagal 7(1) CAE, eadhon, an rún ón Sąd Najwyższy (an Chúirt Uachtarach), a luaitear thuas, chomh maith le cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais [6] agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine [7]. Ar an taobh eile, ní leor an t-imthoisc go bhfuil comhlacht, amhail KRS, a bhfuil baint aige leis an bpróiseas chun breithiúna a cheapadh, comhdhéanta, go príomha, de chomhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann an reachtais nó an fheidhmeannais nó atá roghnaithe acu siúd, le húdar a thabhairt le diúltú don duine lena mbaineann a thabhairt suas.

I gcomhthéacs an dara céim den scrúdú sin, is faoin duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach atá sé fianaise nithiúil a sholáthar lena dtugtar le tuiscint go raibh tionchar nithiúil ag na heasnaimh shistéamacha nó ginearálaithe sa chóras breithiúnach ar láimhseáil a cháis choiriúil nó gur dócha go mbeidh tionchar dá leithéid ag na heasnaimh sin má thugtar suas é. Féadfar an fhianaise sin a fhorlíonadh, i gcás inarb iomchuí, le faisnéis arna soláthar ag an údarás breithiúnach eisiúna.

I dtaca leis sin, maidir le, ar an gcéad dul síos, barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach gnéithe a bhaineann le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a rinne an cás coiriúil a éisteacht nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta sin a mheasúnú. Ní leor é, chun an tabhairt suas a dhiúltú, gur ceapadh breitheamh amháin nó níos mó, a ghlac páirt sna himeachtaí sin, ar thogra comhlachta amhail KRS. Ina theannta sin, ní mór don duine lena mbaineann fianaise a sholáthar a bhaineann, go háirithe, leis an nós imeachta chun na breithiúna lena mbaineann a cheapadh agus lena dtabhairt ar iasacht féideartha, rud a d'fhágfadh go gcinnfí go raibh comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte sin de chineál a dhéanfadh difear dá cheart bunúsach chun triail chóir a fháil. Chomh maith leis sin, ba cheart a chur san áireamh an bhfuil aon fhéidearthacht ann don duine lena mbaineann a iarraidh go scaoilfear comhaltaí d'fhoirmíocht na cúirte ón gcás ar chúiseanna a bhaineann le sárú ar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil, aon leas a bhain an duine sin as a cheart, chomh maith leis an bhfreagairt a thugtar dá iarraidh chuige sin.

---

[5] Féach chuige sin Airteagal 1(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584 faoina ndéanann Ballstáit, ar thaobh amháin, aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an chinnidh réime sin agus, ar an taobh eile, ní féidir éifeacht a bheith ag an gcinneadh réime sin an oibleagáid a mhodhnú maidir le cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha dlí mar a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE.

[6] Breithiúnais an 19 Samhain 2019, *A.K. e.a. (Neamhspleáchas Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí)*, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18 (féach Preaseisiúint Uimh. 145/19), an 2 Márta 2021, *A.B. e.a. (Breithiúna den Chúirt Uachtarach a cheapadh – Achomharc)*, C-824/18 (féach Preaseisiúint Uimh. 31/21), an 15 Iúil 2021, *an Coimisiún* v *an Pholainn (Córas araíonachta do bhreithiúna)*, C-791/19 (féach Preaseisiúint Uimh. 130/21), chomh maith leis an 6 Deireadh Fómhair 2021, *W.Ż. (Dlísheomra um rialú úrghnách agus gnóthaí poiblí na Cúirte Uachtaraí – Ceapachán)*, C-487/19 (féach Preaseisiúint Uimh. 173/21).

[7] ECHR, an 22 Iúil 2021, *Reczkowicz* v. *an Pholainn*.

Ar an dara dul síos, i gcás ina n-eisítear barántas gabhála Eorpach chun críoch ionchúisimh choiriúil, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhaitheach gnéithe a chur san áireamh a bhaineann le cúinsí pearsanta an duine lena mbaineann, cineál an chiona a bhfuil an duine sin á ionchúiseamh ina leith, an comhthéacs lena mbaineann an barántas nó aon fhaisnéis eile maidir le measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht fhoirmíocht na cúirte ar dócha go n-iarrfar uirthi na himeachtaí a bhaineann leis an duine sin a éisteacht. Féadfaidh baint a bheith ag nithe den sórt sin freisin le ráitis arna ndéanamh ag údaráis phoiblí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcás sonrach. Ar an taobh eile, chun diúltú don tabhairt suas, ní leor nach bhfuil ar eolas cé hiad na breithiúna a ghlaofar chun cás an duine lena mbaineann a éisteacht tráth an chinnidh ar an tabhairt suas, nó, nuair is eol cé hiad, gur ceapadh na breithiúna sin ar thogra ó chomhlacht ar nós KRS.

---

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.*

*Tá pictiúir de léamh na mBreithiúnas ar fáil ar "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106.*